

### A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin bhFeidhmeannas (*Executive*) ag teacht le chéile i dTionól (*Assembly*) Stormont i dTuaisceart Éireann den chéad uair le dhá bhliain anuas. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

Na focail atá agat:	Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:
Tionól agus Comhthionól Céad-Aire ...	<i>general public action ...</i>

1. Tá Michelle O'Neill sa nuacht faoi láthair. Cén fáth?

2. Beidh na focail seo a leanas le cloisteáil sa mhír:

*Comhthionól Stormont, Sinn Féin, DUP, Céad-Aire*

Cad é ábhar na míre, dar leat?



3. Le dhá bhliain anuas bhí fadhbanna ag na seirbhísí seo i dTuaisceart Éireann:

*seirbhísí sláinte, seirbhísí tithíochta agus seirbhísí oideachais*

Cén fáth nach raibh na seirbhísí sin ag feidhmiú i gceart, dar leat?



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. ar lár	a. <i>sadness, regret, nostalgia</i>
2. lúcháir	b. <i>decisive time</i>
3. ceannann céanna	c. <i>missing</i>
4. cumha	d. <i>action</i>
5. gealgháireach	e. <i>serious reforms</i>
6. an iomad	f. <i>same</i>
7. gníomhú	g. <i>cheerful</i>
8. tréimhse chinniúnach	h. <i>accumulating</i>
9. moll mór	i. <i>breakdown, failure</i>
10. leasuithe tromchúiseacha	j. <i>too many</i>
11. cliseadh	k. <i>load, big amount</i>
12. ag carnadh	l. <i>delight</i>

1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.	8.	9.	10.	11.	12.

2. Is iomaí nath cainte atá sa Ghaeilge a bhfuil an focal ‘céile’ ann? Cad is brí leis na cinn seo – ‘trína chéile’ agus ‘ag titim as a chéile’?

---

3. Beidh an frása ‘an pobal i gcoitinne’ le cloisteáil sa mhír. An bhfuil leagan eile agat féin den fhrása sin?

---

4. Conas a déarfá ‘in the future’ as Gaeilge?

---



## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus líon na bearnaí sna habairtí thíos tar éis na chéad fhéachana. Bain úsáid as na focail Ghaeilge a phléigh tú faoi **B: FOCLÓIR**.

- Ní raibh an DUP chomh \_\_\_\_\_ inniu agus O'Neill ceaptha ina Céad-Aire.
- Tá \_\_\_\_\_ sna seirbhísí sa Tuaisceart le dhá bhliain anuas.
- Caithfidh athruithe agus \_\_\_\_\_ a chur i bhfeidhm sna seirbhísí sa Tuaisceart.
- Bhí \_\_\_\_\_ ar Bhairbre de Brún Michelle O'Neill a fheiceáil mar Chéad-Aire ach bhí \_\_\_\_\_ uirthi freisin faoi na daoine nach raibh ansin.
- Bhí an Chéad-Aire fágtha \_\_\_\_\_ os comhair na meán ar dtús.
- Tá \_\_\_\_\_ rudaí le déanamh ag an bhFeidhmeannas.
- \_\_\_\_\_ atá ann don Ghaeilge agus tá \_\_\_\_\_ ceisteanna ag Conradh na Gaeilge maidir leis an nGaeilge.
- Dúirt gach duine an rud \_\_\_\_\_.
- Tá an pobal i gcoitinne ag súil le \_\_\_\_\_ ón bhFeidhmeannas.
- Tá géarchéim sa Tuaisceart mar tá na fadhbanna sna seirbhísí poiblí \_\_\_\_\_.

2. Féach ar an mír arís agus meaitseáil an t-eolas ar chlé leis an eolas cuí ar dheis. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

1. Is í Michelle O'Neill ...	a) ... gur ceapadh O'Neill ina Céad-Aire.
2. Bhí lúcháir mhór ar Bhairbre de Brún ...	b) ... daoine ar ais ag obair in Stormont.
3. Níor fhill an DUP ar Stormont ar feadh 2 bhliain ...	c) ... go bhfuil a lán oibre le déanamh.
4. Deir Patsy McGlone ...	d) ... an chéad náisiúnach atá mar Chéad-Aire.
5. Ba mhaith le Pádraig Ó Tiarnaigh ceist a chur ...	e) ... sna seirbhísí sláinte agus oideachais.
6. Deir Feargal Mac Bhloscaidh go bhfuil cliseadh ...	f) ... mar náisiúnach a bhí sa Chéad-Aire
7. Tá Mícheál Mac Giolla Ghunna sásta go bhfuil ...	g) ... ar an DUP faoin gcoimisinéir Gaeilge.

1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint)

a) Bí ag obair leis an duine in aice leat. Cad is féidir libh a rá faoin mbriathar **fág** sna trí abairt:

1. D'fhág siad an spotsolas uirthi.
2. Ar fhág siad an spotsolas uirthi?
3. Dúirt Áine gur fhág siad an spotsolas uirthi.

b) Tugtar an chlaoninsint nó an chaint indíreach ar shampla a trí thuas. Pléigí na rialacha a bhaineann leis an gclaoninsint san aimsir chaite sa tábla anois.

	Briathra rialta		Briathra a bhfuil foirm neamhrialta acu sa chlaoninsint
<b>Aimsir/Modh</b>	<b>Riail</b>	<b>Samplaí</b>	<i>Leid: Cuimhnigh ar fhoirm an bhriathair a úsáidtear i gceisteanna: Tá &gt; an <b>bhfuil</b>? Dúirt sí <b>go bhfuil</b></i>
<b>an aimsir chaite</b>	<b>gur + séimhiú</b>	Chaith > <b>gur</b> chaith D'imir > <b>gur</b> imir D'fhág > <b>gur</b> fhág	Bhí > go <b>raibh</b> Chuaigh > go <b>ndeachaigh</b> Chonaic > go <b>bhfaca</b> Rinne > go <b>ndearna</b>

c) Cuirigí 'Dúirt sí' roimh na habairtí seo anois:

<b>Bhí lá deas ann.</b>	Dúirt sí go raibh lá deas ann.
<b>Bhí an chóisir ar fheabhas.</b>	Dúirt sí
<b>Cheannaigh mé caife ar maidin.</b>	Dúirt sí
<b>D'fhág siad an scoil.</b>	Dúirt sí
<b>Rinne mé an obair.</b>	Dúirt sí
<b>D'ól sé cupán tae.</b>	Dúirt sí
<b>Chuaigh sé abhaile.</b>	Dúirt sí

### 2: Cruinneas gramadaí (sa, san, i, in)

a) Pléigh na difríochtaí idir na focail – **sa, san, i, in** – leis an duine in aice leat.

b) Cuir **sa, san, i, in** roimh na logainmneacha thíos. Cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat ansin.

i + Baile Átha Cliath	i mBaile Átha Cliath
i + Corcaigh	
i + an Spáinn	
i + Gaillimh	
i + Béal Feirste	
i + an Fhrainc	
i + an Fhionlainn	
i + Albain	

c) Cén fáth a bhfuil 'in' roimh an logainm 'Stormont'? \_\_\_\_\_

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint – Cluiche cuimhne – Cad a rinne tú ag an deireadh seachtaine?

Bíodh an rang ar fad ina suí i gcorcal. Beidh sibh ag imirt cluiche cuimhne anois ina mbeidh sibh 1) ag rá cad a rinne tú féin ag an deireadh seachtaine ach 2) ag rá cad a rinne gach duine eile ag an deireadh seachtaine. Beidh oraibh a bheith ag éisteacht go cúramach le gach duine. Beidh oraibh an chlaoninsint a úsáid (féach **D: FEASACHT TEANGA**) freisin. Beidh ar an gcéad duine a rá céard a rinne siad ag an deireadh seachtaine. Caithfidh an dara duine cuimhneamh ar an méid a dúirt an chéad duine agus a f(h)reagra féin a thabhairt ar an gceist. Caithfidh an tríú duine cuimhneamh ar an méid a dúirt an chéad bheirt agus abairt bhreise a chur leis, srl. Nóta: Is féidir bréaga a insint, ach caithfidh gach duine briathar nua a úsáid. Beidh an chlaoninsint in úsáid acu an t-am ar fad, mar shampla:


Duine 1 (Aoife): Chuaigh mé go dtí an phictiúrlann.

Duine 2 (Aisling): Dúirt Aoife go ndeachaigh sí go dtí an phictiúrlann. Chas mise le mo chairde.

Duine 3 (Úna): Dúirt Aoife go ndeachaigh sí go dtí an phictiúrlann. Dúirt Aisling chur chas sí lena cairde. Bhí mise ag seoltóireacht.

### 2: Scríobh

An bhfuil cuimhne agat ar an méid a rinne gach duine ag an deireadh seachtaine? Scríobh amach an méid a dúirt gach duine anois. Bí cinnte go gcuireann tú 'Dúirt sé' nó 'Dúirt sí' ag tús gach abairte. Is leor sé líne nó mar sin.

### 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:

## AN SCRIPT

---

### Áine Ní Ghallchóir

Baill Chomhthionól Shinn Féin, ag déanamh a mbealaigh chuig seomra an Chomhthionóil in Stormont. Ach, lenár n-iontas, fágadh na meáin rud beag trína chéile, mar go raibh duine amháin ar lár. Ach d'fhág siad an spotsolas ag an bhean í féin, Michelle O'Neill, an chéad uair Céad-Aire náisiúnach a bheith san fhoirgneamh seo.

### Bairbre de Brún, Iar-Aire i bhFeidhmeannas Stormont, Sinn Féin

Tá lúcháir orm í a fheiceáil agus í ag siúl isteach ansin agus tá a fhios agam go mbeidh sí ag glacadh an phoist sin mar Chéad-Aire. Ach ag an am ceannann céanna, tá rud beag cumha orm faoi na daoine nach mbeidh anseo, ach níl sin ag baint de thábhacht an lae.

### Áine Ní Ghallchóir

Furasta a rá nach raibh an DUP chomh gealgháireach inniu. Curtha ina leith le dhá bhliain gur de bharr go mbeadh Céad-Aire náisiúnach ann, nach bfillfeadh<sup>1</sup> siad.

### Patsy McGlone MLA, SDLP

Sa deireadh thiar thall, tá muid ar ais arís agus tosaíonn obair inniu. An dtuigeann tú? Tá an iomad sin rudaí le déanamh – cúrsaí tithíochta, cúrsaí sláinte, cúrsaí eacnamaíochta – an dtuigeann tú? Tá liosta an-fhada ann.

### Áine Ní Ghallchóir

Tá an pobal i gcoitinne anseo ag fanacht ar ghníomhú fosta.

### Pádraig Ó Tiarnaigh, Conradh na Gaeilge

Tá muid ag dul isteach inniu i dtréimhse chinniúnach don Ghaeilge. Beidh pobal na Gaeilge ag amharc ar Shinn Féin agus ar an DUP, ach go háirithe, agus ag cur ceist orthu maidir leis an choimisinéir Gaeilge. Tá moll moll mór ceisteanna againn.

### Feargal Mac Bhloscaidh, Staráí

Caithfidh athruithe agus leasuithe tromchúiseacha a bheith ann le dul i ngleic leis an chliseadh atá sna seirbhísí sláinte, in earnáil an oideachais agus sa todhcháí i gcoitinne anseo sa Thuaisceart. Tá an áit ag titim as a chéile.

### Mícheál Mac Giolla Ghunna, Príomhoide Choláiste Feirste

Ciallaíonn sé ar a laghad go mbeidh duine éigin san oifig ag Stormont, ag tabhairt faoi na ceisteanna móra atá romhainn mar phríomhoidí agus mar scoileanna. Níor tharla faic le cúpla bliain anuas agus i ndáiríre, ó bhí COVID ann; agus tá neart ceisteanna móra ag carnadh suas ina ngéarchéim.

### Áine Ní Ghallchóir

Beidh na polaiteoirí ar ais Dé Luain. An dúshlán rompu anois, na hinstiúidí anseo a choinneáil ag dul.

Áine Ní Ghallchóir, Nuacht TG4, Stormont.

---

<sup>1</sup> 'nach bfillfeadh' = nach bhfillfeadh



## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh faoin méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Bí cinnte go bhfuil siad compordach leis an stór focal atá ar an leathanach seo sula mbogfaidh tú ar aghaidh.

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

ar lár	<i>missing</i>
lúcháir	<i>delight</i>
ceannann céanna	<i>same</i>
cumha	<i>sadness, regret, nostalgia</i>
gealgháireach	<i>cheerful</i>
an iomad	<i>too many</i>
gníomhú	<i>action</i>
tréimhse chinniúnach	<i>decisive time</i>
moll mór	<i>load, big amount</i>
leasuithe tromchúiseacha	<i>serious reforms</i>
cliseadh	<i>breakdown, failure</i>
ag carnadh	<i>accumulating</i>

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12
c	l	f	a	g	j	d	b	k	e	i	h

- ‘trína chéile’ – *upset*; ‘ag titim as a chéile’ – *falling apart*
- an pobal trí chéile / an pobal ar fad
- san am atá le teacht / amach anseo / sa todhchaí

### C: TUISCINT

1. Féach:

- Ní raibh an DUP chomh **gealgháireach** inniu agus O’Neill ceaptha ina Céad-Aire.
- Tá **cliseadh** sna seirbhísí sa Tuaisceart le dhá bhliain anuas.
- Caithfidh athruithe agus **leasuithe tromchúiseacha** a chur i bhfeidhm sna seirbhísí sa Tuaisceart.



- Bhí **lúcháir** ar Bhairbre de Brún Michelle O'Neill a fheiceáil mar Chéad-Aire, ach bhí **cumha** uirthi freisin faoi na daoine nach raibh ansin.
- Bhí an Chéad-Aire fágtha **ar lár** os comhair na meán ar dtús.
- Tá **an iomad** rudaí le déanamh ag an bhFeidhmeannas.
- **Tréimhse chinniúnach** atá ann don Ghaeilge agus tá **moll mór** ceisteanna ag Conradh na Gaeilge maidir leis an nGaeilge.
- Dúirt gach duine an rud **ceannann céanna**.
- Tá an pobal i gcoitinne ag súil le **gníomhú** ón bhFeidhmeannas.
- Tá géarchéim sa Thuaisceart mar tá na fadhbanna sna seirbhísí poiblí **ag carnadh**.

2. Féach:

1.	2.	3.	4.	5.	6.	7.
d	a	f	c	g	e	b

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an chlaoninsint)

a) Féach:

D'fhág siad an spotsolas uirthi. (Aimsir chaite, an fhoirm neamhspleách. Cuirtear **d'** roimh ghuta agus roimh 'fh'.)

Ar fhág siad an spotsolas uirthi? (Aimsir chaite, an fhoirm cheisteach.)

Dúirt Áine gur fhág siad an spotsolas uirthi. (An chlaoninsint san aimsir chaite.)

b) Tabhair deis do na foghlaimoirí na rialacha a phlé le chéile sula bpléifidh tusa iad leis an rang iomlán.

c) Féach:

<b>Bhí lá deas ann.</b>	Dúirt sí go raibh lá deas ann.
<b>Bhí an chóisir ar fheabhas.</b>	Dúirt sí go raibh an chóisir ar fheabhas.
<b>Cheannaigh mé caife ar maidin.</b>	Dúirt sí gur cheannaigh sí caife ar maidin.
<b>D'fhág siad an scoil.</b>	Dúirt sí gur fhág siad an scoil.
<b>Rinne mé an obair.</b>	Dúirt sí go ndearna sí an obair.
<b>D'ól sé cupán tae.</b>	Dúirt sí gur ól sé cupán tae.
<b>Chuaigh sé abhaile.</b>	Dúirt sí go ndeachaigh sé abhaile.

### 2: Cruinneas gramadaí (sa, san, i, in)

a) **Sa/san** = *in the* (i + an) agus cuirtear **san** roimh ghuta. **I/in** = *in* agus cuirtear **in** roimh ghuta.

b) Féach:

i + Baile Átha Cliath	i <b>m</b> Baile Átha Cliath
i + Corcaigh	i <b>g</b> Corcaigh
i + an Spáinn	sa Spáinn
i + Gaillimh	i <b>n</b> Gaillimh
i + Béal Feirste	i <b>m</b> Béal Feirste
i + an Fhrainc	sa Fhrainc
i + an Fhionlainn	<b>san</b> Fhionlainn
i + Albain	in Albain

c) Úsáidtear in roimh logainmneacha iasachta – logainmneacha nach bhfuil ainm Gaeilge orthu.

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Cuir an rang ina suí i gciorcail agus iarr ar an gcéad duine a rá céard a rinne sé/sí ag an deireadh seachtaine. Caithfidh an dara duine cuimhneamh ar an méid a dúirt an chéad duine agus a f(h)reagra

féin a thabhairt ar an gceist. Caithfidh an tríú duine cuimhneamh ar an méid a dúirt an chéad bheirt agus abairt bhreise a chur leis, srl, srl. Nóta: Is féidir bréaga a insint ach caithfidh gach duine briathar nua a úsáid. Beidh an chlaoninsint in úsáid acu an t-am ar fad. Ba cheart go mbeadh deis ag gach duine trí abairt nó mar sin a rá faoin deireadh seachtaine a bhí acu agus cuimhneamh ar thimpeall 6-9 rud a rinne na foghlaimeoirí eile.

## 2: Scríobh

Iarr orthu ansin píosa a scríobh, timpeall 6 líne nó mar sin, faoin méid a dúirt na daoine eile a rinne siad ag an deireadh seachtaine.

## 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Curtha ar fáil ag



Ollscoil  
Mhá Nuad  
Ollscoil na hÉireann  
Má Nuad

Lárionad  
na Gaeilge  
Taighde, Teagasc  
& Tástáil

le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas  
Gaeilge & Gaelscoláíocht



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,  
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán  
Department of Tourism, Culture,  
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

